Dé Céadaoin, an 8 Deireadh Fómhair 2025

An Roinn Forbartha Tuaithe
agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community
Development and the Gaeltacht

**Buiséad 2026: Faigheann na hAirí Calleary agus Buttimer €611 mhilliún i maoiniú don Fhorbairt Tuaithe & Pobail & don Ghaeltacht**

- ***€192 mhilliún le haghaidh seachadadh leanúnach scéimeanna forbartha tuaithe, le maoiniú méadaithe don Scéim Feabhsaithe Áitiúil, CLÁR, Áineas Allamuigh, agus an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte***
- ***€260 milliún do scéimeanna forbartha pobail, le maoiniú méadaithe don Chlár Seirbhísí Pobail (CSP); agus maoiniú do scéim nua RAPID le tosú in 2026.***
- ***Maoiniú breise níos mó ná €36 mhilliún don Ghaeltacht, don Ghaeilge, agus do na hOileáin. Soláthraíonn sé seo €159 milliún le haghaidh tacaíochtaí feabhsaithe ar fud raon scéimeanna agus chun tionscadail chaipitil thábhachtacha a sheachadadh – cé Inis Oírr, Ionad Gaeilge agus Cultúir ar Shráid Fhearchair, agus Áis Oideachais agus Óige nua in Indreabhán, Co. na Gaillimhe.***

Inniu, d'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Dara Calleary TD, agus an tAire Stáit, Jerry Buttimer TD, pacáiste buiséid do 2026 ar fiú €611 mhilliún é.

Cinntíonn an maoiniú seo infheistíocht leanúnach ar fud raon na scéimeanna reatha agus caipitil atá á bhfeidhmiú ag an Roinn, ag tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta pobal ar fud na tíre, lena n-áirítear an Ghaeltacht agus na hOileáin.

Beidh €192 mhilliún san iomlán i gclár Forbartha Tuaithe na Roinne, ag leanúint leis an infheistíocht leanúnach le blianta beaga anuas agus ag tacú leis an raon scéimeanna atá ríthábhachtach chun Ár dTodhchaí Tuaithe a sheachadadh. Cuirfear méaduithe maoinithe ar fáil don Scéim Feabhsaithe Áitiúil, CLÁR, Áineas Allamuigh, agus Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte.

Ar fud limistéar na Forbartha Pobail, beidh maoiniú iomlán de €260 milliún ar fáil do 2026. Tá €74 mhilliún á leithdháileadh ar SICAP agus ar thacaí eile um chuimsiú sóisialta. Áirítear leis seo €13 mhilliún in aghaidh na bliana le haghaidh obair thábhachtach um chomhtháthú pobail, rud a chuidíonn le tacú le daoine nua a tháinig isteach.

Méadófar an Clár Seirbhísí Pobail faoi €4 mhilliún, go €59.4 mhilliún agus méadófar maoiniú don Chiste Infheistíochta d'Ionaid Phobail faoi €3 mhilliún go €20 milliún a thacóidh le bearta spriocdhírithe chun cabhrú le pobail a bheith níos acmhainní ó thaobh stoirmeacha de.

Beidh maoiniú €159 milliún ar fáil in 2026 do Chlár na Gaeltachta, na Gaeilge agus na nOileán, méadú níos mó ná €36 mhilliún. Cuirfidh an leithdháileadh seo réimse leathan tacaíochtaí ar fáil do

cheantair Ghaeltachta agus maoineoidh sé tionscnaimh chun an Gaeilge a neartú. Tacóidh sé freisin le forbairt phobail na n-oileán agus le soláthar seirbhísí iompair ríthábhachtacha do na hoileáin. Cuirfidh infheistíocht mhéadaithe caipitil ar chumas tionscadail shuntasacha bonneagair a chur i gcrích sna blianta amach romhainn.

**Ag labhairt inniu, dúirt an tAire Calleary:**

*"Tá áthas orm maoiniú €611 mhilliún a fháil do mo Roinnse mar chuid de Bhuiséad 2026. Tógann sé seo ar infheistíocht láidir le blianta beaga anuas, agus léiríonn sé tacaíocht leanúnach an Rialtais d'fhorbairt tuaithe agus pobail, don Ghaeltacht, agus do na hOileáin. Beidh an maoiniú seo chun tairbhe do phobail ar fud na tíre."*

*"Leis an leibhéal infheistíochta seo, is féidir linn leanúint ar aghaidh ag baint amach aidhmeanna 'Ár dTodhchaí Tuaithe' agus tús a chur le cur i bhfeidhm a bheartais chomharba, a sheolfar an bhliain seo chugainn."*

**Dúirt an tAire Calleary, chomh maith:**

*"Tá áthas ar leith orm méadú 29% a fháil ar an leithdháileadh maoinithe foriomlán don Ghaeltacht, don Ghaeilge agus do na hOileáin. Cuirfidh sé seo tacaíocht bhreise ar fáil do scéimeanna atá ann cheana féin agus éascóidh sé rolladh amach roinnt tionscnaimh nua. Cuirfidh sé ar chumas trí phríomhthionscadal bonneagair a chur i gcrích chomh maith: Cé Inis Oírr, Ionad Gaeilge agus Cultúir i Sráid an Fhearchair, agus athfhorbairt shuíomh Choláiste Lurgan in Indreabhán mar Mhol Oideachais agus Óige do Ghaeltacht Chonamara. Is tionscadail chlaochlaitheacha iad seo a rachaidh chun tairbhe do phobail na Gaeltachta agus don teanga araon sna blianta amach romhainn nuair chuirfear i gcrích iad."*

**Dúirt an tAire Stáit Buttimer, atá freagrach as Forbairt Pobail agus Carthanachtaí:**

*"Tacóidh Buiséad 2026 le tiomantas leanúnach an Rialtais chun cuimsiú sóisialta, forbairt phobail, agus an earnáil phobail agus dheonach a chur chun cinn. Cuirfear maoiniú €260 milliún ar fáil in 2026 don earnáil forbartha pobail. Rachaidh sé seo chun tairbhe do phobail tuaithe agus uirbeacha araon – agus cuirfidh sé tacaíocht ríthábhachtach ar fáil freisin i réimsí ar nós comhtháthú pobail, soláthar seirbhísí pobail, agus feabhsú bonneagair phobail."*

**CRÍOCH**

Teagmháil:

Preasoifig na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

01-773 6843 / 087 7586980

Press.office@drcdg.gov.ie

gov.ie/drcdg | X | Facebook | Instagram | LinkedIn |Threads | Bluesky | WhatsApp | YouTube

**Nótaí**

Cuirfidh an soláthar buiséid €611 mhilliún don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta maoiniú €192 mhilliún ar fáil don fhorbairt tuaithe; €260 milliún don fhorbairt pobail, €159 milliún do Thacaíochtaí don Ghaeltacht agus do na hOileáin. Beidh €273 milliún ag an Roinn le haghaidh infheistíochta caipitil, agus an €338 milliún eile le haghaidh tacaíochtaí caiteachais reatha.

Ligfidh Buiséad 2026 cur i bhfeidhm láidir leanúnach na forbartha tuaithe trí:

- Infheistíocht chaipitil shuntasach i gceantair thuaithe tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (€60 milliún), clár LEADER (€32 mhilliún), Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte (€21 mhilliún), CLÁR (€12 mhilliún), an Scéim Feabhsaithe Áitiúil (€17 milliún), agus Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (€17 milliún).
- Tacaí maoinithe reatha leanúnacha do thionscnaimh ar nós Scéim na Siúlóidí; comórtas na mBailte Slachtmhara, Seónna Talmhaíochta, agus cur chun cinn obair ó chian trí thionscnamh na Mol Nasctha.

Ligfidh an maoiniú Forbartha Pobail do:

- Méadú €4 mhilliún don Chlár Seirbhísí Pobail, agus a leithdháileadh bliantúil a mhéadú ó €55.4 mhilliún go €59.4 mhilliún.
- Maoiniú beagnach €74 mhilliún don Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail agus tacaíochtaí dá samhail. Áirítear leis seo €13 mhilliún a leanfaidh de thacaíocht a thabhairt do dhaoine nua a tháinig isteach agus do na pobail ina socraíonn siad síos.
- Forbairt cláir RAPID nua le €5 mhilliún i maoiniú caipitil do 2026.
- €3 mhilliún breise i maoiniú don Chiste Infheistíochta d'Ionaid Phobail, rud a chiallaíonn €20 milliún le haghaidh infheistíochta in 2026.
- €3.8 milliún breise i maoiniú do Chlár PEACEPLUS, rud a thugann an maoiniú iomlán go €11 mhilliún.
- Tacaí feabhsaithe do raon leathan tionscnaimh forbartha pobail amhail obair dheonach, agus tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach – le €23.1 mhilliún i maoiniú ar fáil don réimse seo. Ina theannta sin, tá €5 mhilliún i maoiniú ar fáil do nuálaíocht shóisialta, don fhiontar sóisialta, agus don daonchairdeas.
- Maoiniú €6.77 mhilliún don Údarás Rialála Carthanas.

Don Ghaeltacht, don Ghaeilge agus do na hOileáin:

- Tháinig méadú €36 mhilliún ar an leithdháileadh foriomlán go €159 milliún in 2026 – agus méadú 29% don réimse cláir ina iomláine.
- Ceadóidh sé seo infheistíocht mhéadaithe i bhforbairt teanga, eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta phobail na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, agus ar ár nOileáin amach ón gcósta. I measc na méaduithe maoinithe reatha tá €3 mhilliún breise do thionscnaimh Pleanála Teanga, €2 mhilliún breise do Scéimeanna Tacaíochta don Ghaeilge agus €1.5 mhilliún breise do Scéimeanna Tacaíochta don Ghaeltacht.
- Tá maoiniú reatha méadaithe de €2 mhilliún ar fáil do chomhoibriú Thuaidh-Theas ar roinnt réimsí, lena n-áirítear obair Fhoras na Gaeilge, Ghníomhaireacht na hUltaise, Clár na Leabhar Gaeilge agus Colmcille.
- Méadóidh maoiniú d'Údarás na Gaeltachta faoi €2.5 mhilliún lena n-áirítear méadú €1 mhilliún ar a leithdháileadh caipitil.
- Áiritheoidh an maoiniú caipitil breise infheistíocht leanúnach i bpobail na Gaeltachta agus na nOileán, agus tacóidh sé le seachadadh trí thionscadal bonneagair a dtugtar gealltanas dóibh sa Phlean Forbartha Náisiúnta: Cé Inis Oírr i gContae na Gaillimhe; Mol Teanga agus Cultúir nuálach ar Shráid Fhearchair chun freastal ar riachtanais líon na gcainteoirí Gaeilge atá ag fás sa phríomhchathair, agus; athfhorbairt shuíomh Choláiste Lurgan i gConamara mar Mhol Oideachais agus Óige don réigiún.
- Méadófar maoiniú do sheirbhísí iompair oileáin faoi €0.5 mhilliún go €11.5 mhilliún.

Tá tuilleadh sonraí faoi na cláir uile a riarann an Roinn a fháil ar https://www.gov.ie/drcdg

*Is mar gheall go bhfuil tú cláraithe ar liosta meán cumarsáide na Roinne Forbartha Pobail agus Tuaithe and Gaeltachta a fuair tú an preasráiteas / fógra do na meáin seo.*

*Sa chás nach mian leat ríomhphoist den chineál seo a fháil níos mó ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, is féidir leat díchlárú trí fhreagra a sheoladh ar an ríomhphost seo agus an focal "díchláraigh" a chur sa líne ábhair agus féachfaimid le do sheoladh ríomhphoist a ghlanadh dár mbunachar sonraí.*

*Wednesday, 8 October 2025*

An Roinn Forbartha Tuaithe
agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community
Development and the Gaeltacht

***Budget 2026: Ministers Calleary and Buttimer secure €611 million in funding for Rural and Community Development and the Gaeltacht***

- ***€192 million secured for continued delivery of rural development schemes, with increased funding for the Local Improvement Scheme (LIS), CLÁR, Outdoor Recreation, and the Town and Village Renewal Scheme.***
- ***€260 million for community development schemes, with increased funding for the Community Services Programme (CSP); and funding for a new RAPID-style scheme to commence in 2026.***
- ***Additional funding of over €36 million for Gaeltacht, the Irish Language, and for the Islands. This provides €159 million for enhanced supports across a range of schemes and for delivery of key capital projects – Inis Oírr pier, the Irish Language and Cultural Centre in Harcourt Street, and the new Educational and Youth Facility in Indreabhán, Co Galway.***

*Minister for Rural and Community Development and the Gaeltacht, Dara Calleary TD, and Minister of State, Jerry Buttimer TD, today announced a Budget package worth €611 million for 2026.*

*This funding ensures continued investment across the range of current and capital schemes operated by the Department, supporting the economic and social development of communities right across the country, including the Gaeltacht and the Islands.*

*The Department's Rural Development programme will total €192 million, continuing the sustained investment of recent years and supporting the range of schemes that are key to delivery of Our Rural Future. Funding increases will be made available for the Local Improvement Scheme (LIS), CLÁR, Outdoor Recreation, Town and Village Renewal.*

*Across the Community Development area total funding of €260 million will be available for 2026. €74 million is being allocated to SICAP and other social inclusion supports. This includes €13 million per annum for important community integration work, helping to support new arrivals.*

*The Community Services Programme will increase by €4 million, to €59.4 million and funding for the Community Centre Investment Fund will increase by €3 million to €20 million which will support targeted measures to assist communities in becoming more storm resilient.*

*Funding of €159 million will be available in 2026 for the Gaeltacht, Irish Language and Islands Programme, an increase of over €36 million. This allocation will provide a wide range of supports to Gaeltacht areas and fund initiatives to strengthen the Irish language. It will also support the development of our island communities and the provision of vital transport services for the islands. Increased capital investment will also enable significant infrastructure projects to be delivered over the coming years.*

***Speaking today, Minister Calleary said:***

*"I'm pleased to have secured funding of €611 million for my Department as part of Budget 2026. This builds on strong investment in recent years, and it demonstrates the Government's continued support for rural and community development, the Gaeltacht, and the Islands. This funding will benefit communities up and down the country.*

*"With this level of investment, we can continue to deliver on the aims of 'Our Rural Future' and start the implementation of its successor policy, which will be launched next year."*

***Minister Calleary added:***

*"I am particularly pleased with securing a 29% increase in the overall funding allocation for the Gaeltacht, the Irish Language and the Islands. This will allow additional support for existing schemes and facilitate the roll-out of a number of new initiatives. It will also enable the delivery of three key infrastructure projects: Inis Oírr pier, the Irish Language and Cultural Centre in Harcourt Street, and redevelopment of the Coláiste Lurgan site in Indreabhán as an Educational and Youth Hub for the Conamara Gaeltacht. These are transformative projects that, once delivered, will benefit both Gaeltacht communities and the language for years to come."*

***Minister of State Buttimer, who has responsibility for Community Development and Charities, added:***

*"Budget 2026 will support the Government's ongoing commitment to promote social inclusion, community development, and the community and voluntary sector. €260 million in funding will be available in 2026 for the community development sector. This will benefit both rural and urban communities – and will also provide vital support in areas such as community integration, the provision of community services, and the enhancement of community infrastructure."*

**ENDS**

Contact:

The Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht Press Office

01-773 6843 / 087 7586980

Press.office@drcdg.gov.ie

gov.ie/drcdg | X | Facebook | Instagram | LinkedIn |Threads | Bluesky | WhatsApp | YouTube

**Notes**

The budget provision of €611 million for the Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht will provide funding of €192 million for rural development; €260 million for community development, €159 million for Gaeltacht and Irish Language Supports and the Islands. The Department will have €273 million for capital investment, with the remaining €338 million for current expenditure supports.

Budget 2026 will allow continued strong implementation of rural development through:

- Significant capital investment in rural areas through the Rural Regeneration and Development Fund (€60 million), the LEADER programme (€32 million), the Town and Village Renewal Scheme (€21 million), CLáR (€12 million), the Local Improvement Scheme (€17 million), and the Outdoor Recreation Infrastructure Scheme (€17 million).
- Ongoing current funding supports for initiatives such as the Walks Scheme; Tidy Towns competition, Agriculture Shows, and promotion of remote working through the Connected Hubs initiative.

The Community Development funding will allow for:

- Increase of €4 million for the Community Services Programme, with its annual allocation increasing from €55.4 million to €59.4 million.
- Funding of almost €74 million for the Social Inclusion and Community Activation Programme and similar supports. This includes €13 million which will continue to support new arrivals and the communities in which they settle.
- The development of a new RAPID programme with €5 million in capital funding for 2026.
- Additional €3 million in funding for the Community Centre Investment Fund, meaning €20 million for investment in 2026.
- Additional €3.8 million in funding for the PEACEPLUS Programme, bringing total funding to €11 million.

- Enhanced supports for a wide range of community development initiatives such as volunteering, and supports for the community and voluntary sector – with €23.1 million in funding available for this area. In addition, €5 million in funding is available for social innovation, social enterprise, and philanthropy.
- Funding of €6.77 million for the Charities Regulatory Authority.

For the Gaeltacht, the Irish Language and the Islands:

- The overall allocation has increase by €36 million to €159 million in 2026 – and increase of 29% for the programme area as a whole.
- This will allow increased investment in the linguistic, economic, cultural and social development of Irish-speaking communities both within and outside the Gaeltacht, and on our offshore Islands. Current funding increases include an additional €3 million for Language Planning initiatives, an additional €2 million for Irish Language Support Schemes and an additional €1.5 million for Gaeltacht Support Schemes.
- Increased current funding of €2 million is available for North-South co-operation on a number of fronts, including the work of Foras na Gaeilge, the Ulster-Scots Agency, Clár na Leabhar Gaeilge and Colmcille.
- Funding for Údarás na Gaeltachta will increase by €2.5 million which includes an increase of €1 million in its capital allocation.
- The additional capital funding will ensure continued investment in Gaeltacht and Island communities, and support the delivery of three infrastructure projects committed to in the National Development Plan: Inis Oírr pier in County Galway; an innovative Irish Language and Cultural Hub on Harcourt Street in order to serve the needs of the increasing numbers of Irish-speakers in the capital, and; the re-development of the Coláiste Lurgan site in Conamara as an Educational and Youth Hub for the region.
- Funding for island transport services will increase by €0.5 million to €11.5 million.

*Further details on all programmes administered by the Department can be found at* www.gov.ie/drcdg

*You are receiving this press release as you are currently subscribed to the Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht's media list.*

*If you no longer wish to receive emails of this nature from the Department you can unsubscribe by responding to this email address with the word "unsubscribe" in the subject-line and we will endeavour to remove your email address from our database.*